# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/854 ÓN gCOIMISIÚN

## an 27 Bealtaine 2021

## lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. **NÓS IMEACHTA**

#### 1.1. **Tionscnamh**

(1) An 30 Meán Fómhair 2020, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta ('SSCRanna' nó 'an táirge faoi imscrúdú') de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise ('na tíortha lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a thaisc an Comhlachas Eorpach Cruach ('EUROFER') ('an gearánach') an 17 Lúnasa 2020 thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu de tháirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta . Sa ghearán bhí fianaise ar dhumpáil a bhí na tíortha lena mbaineann á déanamh agus ar an díobháil ábhartha dá dheasca sin, rud ba leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

#### 1.2. **Clárú**

(3) Tar éis don ghearánach iarraidh a dhéanamh lena ngabhann an fhianaise riachtanach, chuir an Coimisiún le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/370 ón gCoimisiún ([3]) allmhairí den táirge lena mbaineann faoi réir clárú faoi Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

#### 1.3. **Páirtithe leasmhara**

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an Gearánach ar an eolas go sonrach, táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta sna tíortha lena mbaineann agus údaráis na dtíortha lena mbaineann, allmhaireoirí agus úsáideoirí san Aontas faoi thionscnamh an imscrúdaithe, agus d'iarr sé orthu a bheith páirteach ann.

(5) Bhí an deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Reáchtáil an Coimisiún éisteacht leis an ngearánach, táirgeoir onnmhairiúcháin amháin agus úsáideoir Aontais amháin. Fuair an Coimisiún barúlacha a phléitear i Ranna 2.3 agus 5.2 agus 7.2.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) Fógra Tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, (IO C 322, 30.9.2020, lch. 17).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/370 ón gCoimisiún an 1 Márta 2021 lena gcuirtear allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise faoi réir clárú, (IO L 71, 2.3.2021, lch. 18).

### 1.4. **Sampláil**

(6) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

#### 1.4.1. *Sampláil táirgeoirí de chuid an Aontais*

(7) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún gur chinn sé teorainn a chur le líon réasúnta tairgeoirí de chuid an Aontais a dhéanfaí a imscrúdú trí bhíthin sampláil a úsáid, agus go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla sealadach ar bhonn tháirgeacht agus mhéid díolachán an Aontais arna dtuairisciú ag táirgeoirí de chuid an Aontais i gcomhthéacs na hanailíse measúnaithe réamhthionscnaimh ar an seasamh, agus a suíomh geografach á chur san áireamh freisin. Ba é a bhí sa sampla sealadach a bunaíodh mar sin trí tháirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná 60 % den táirgeacht agus thart ar 70 % de dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas acu, agus iad lonnaithe i gceithre Bhallstát éagsúla. Cuireadh mionsonraithe faoin sampla sealadach seo isteach sa chomhad le go mbeadh páirtithe leasmhara in ann iad a scrúdú agus go mbeadh deis acu a gcuid barúlacha a thabhairt. Níor tugadh aon bharúil.

(8) De thoradh an mhéid thuas, deimhníodh an sampla sealadach de tháirgeoirí de chuid an Aontais. Is iad seo a leanas a bhí páirteach sa sampla Aperam Stainless Europe ('Aperam'), Acciai Speciali Terni S.p.A. ('AST') agus Outokumpu Stainless Oy ('OTK'). Tá an sampla cuimsitheach agus tá sé ionadaíoch do thionscal an Aontais.

#### 1.4.2. *Sampláil allmhaireoirí*

(9) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach allmhaireoir neamhghaolmhar aitheanta an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(10) Chuir trí tháirgeoir neamhghaolmhara iad féin in aithne mar pháirtithe leasmhara agus chuir siad an fhaisnéis a iarradh ar fáil. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, ní raibh gá le sampláil. Níor tugadh aon bharúil maidir leis an gcinneadh sin. Iarradh ar na hallmhaireoirí ceistneoir a líonadh isteach.

#### 1.4.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sna tíortha lena mbaineann*

(11) I bhfianaise líon mór táirgeoirí onnmhairiúcháin a d'fhéadfadh a bheith sna tíortha lena mbaineann, foráladh san Fhógra Tionscnaimh maidir le sampláil san India agus san Indinéis agus dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta san India agus san Indinéis an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a chur ar fáil chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, sampla a roghnú.

(12) Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na hIndia chuig an Aontas Eorpach agus Ambasáid Phoblacht na hIndinéise sa Bhruiséil táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

##### 1.4.3.1. An India

(13) Tar éis an tionscnaimh, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le seacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin ionchasacha san India. Chuir dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis is gá ar fáil chun sampláil agus is iadsan a chuireann onnmhairí uile an táirge lena mbaineann chuig an Aontas. Dá bhrí sin, d'éirigh an Coimisiún as an tsampláil maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin san India.

##### 1.4.3.2. An Indinéis

(14) Tar éis an tionscnaimh, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le 14 tháirgeoir onnmhairiúcháin ionchasacha san Indinéis. Thug trí tháirgeoir onnmhairiúcháin freagra ar na ceisteanna samplála agus thuairiscigh siad díolacháin don Aontas. De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil sna tuairisceáin samplála, is é a bhí sna díolacháin 72 % d'onnmhairí na hIndinéise chuig an Aontas. Ar an mbonn sin, d'éirigh sé as an tsampláil don Indinéis freisin.

### 1.5. **Freagraí ar an gceistneoir**

(15) Sa ghearán cuireadh fianaise leordhóthanach *prima facie* ar fáil maidir le saobhadh amhábhair san India agus san Indinéis maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san Fhógra Tionscnaimh, chlúdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhair sin chun a chinneadh an gcuirfear forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an India agus leis an Indinéis. Ar an gcúis sin, chuir an Coimisiún ceistneoirí chuige sin chuig Rialtas na hIndia ('GOI') agus chuig Rialtas na hIndinéise ('GOIS').

(16) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, chuig an ngearánach, chuig na trí allmhaireoir neamhghaolmhara, agus chuig na cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin sna tíortha lena mbaineann. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([4]) an lá a tionscnaíodh iad.

(17) Fuarthas freagraí ceistneora ó thrí tháirgeoir shampláilte an Aontais, an gearánach, dhá allmhaireoir neamhghaolmhara, an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ón India agus trí tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Indinéis. Fuarthas freagraí ceistneora freisin ó GOI agus ó GOIS.

### 1.6. **Cuairteanna fíorúcháin**

(18) I bhfianaise na ráige de COVID-19 agus na mbeart gaibhniúcháin a chuir Ballstáit éagsúla chomh maith le tríú tíortha éagsúla i bhfeidhm, níor fhéad an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag an gcéim shealadach. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar an bhfaisnéis ar fad a mheastar a bheith riachtanach dá chinntí sealadacha i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([5]).

(19) Rinne an Coimisiún cros-seiceálacha chianda ('RCC') ar na cuideachtaí/páirtithe seo a leanas:

(a) Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a gcomhlachais:

— Acciai Speciali Terni S.p.A., Terni, an Iodáil ('AST')

— Aperam Stainless Europe, ina bhfuil Aperam France, La Plaine Saint-Denis Cedex, an Fhrainc agus Aperam Belgium, Châtelet agus Genk, an Bheilg ('Aperam')

— Outokumpu Stainless Oy, Tornio, an Fhionlainn ('OTK')

— Eurofer, an Bhruiséil, an Bheilg

(b) Allmhaireoirí san Aontas:

— Gual Stainless S.L., Berga, an Spáinn

— Nova Trading S.A., Torun, An Pholainn

(c) Táirgeoirí onnmhairiúcháin:

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:

— Chromeni Steels Private Limited, an India

— Jindal Stainless Limited, Jindal Stainless Hisar Limited agus Jindal Stainless Steelways Limited, an India; Iberjindal S.L., an Spáinn; agus JSL Global Commodities Pte. Ltd., Singeapór (dá ngairtear go comhpháirteach 'the Jindal Group')

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san Indinéis:

— PT Indonesia Ruipu Nickel agus Cóimhiotal Chrome ('IRNC'), PT Ekasa Yad Resources ('EYR') agus PT Hanwa ('Hanwa'), an Indinéis; Cantostar Limited ('Cantostar') agus Eternal Tsingshan Group Co., Ltd. ('Eternal Tsingshan'), Hong Cong; agus Recheer Resources Pte. Ltd. ('Recheer'), Singeapór (dá ngairtear go comhpháirteach 'the IRNC Group')

— PT Jindal Stainless Indonesia Limited ('PTJ'), an Indinéis; JSL Global Commodities Pte. Ltd. ('JGC'), Singeapór; agus Iberjindal S.L. ('IBJ'), An Spáinn (dá ngairtear go comhpháirteach 'the Jindal Indonesia Group')

---

([4]) Ar fáil ag https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2484.
([5]) Fógra maidir le hiarmhairtí na ráige COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

(20) Maidir le nós imeachta Airteagal 7(2a) agus Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, rinneadh RCCanna ar GOI agus ar GOIS.

### 1.7. **Tréimhse imscrúdaithe agus an tréimhse a breithníodh**

(21) Cumhdaítear leis an imscrúdú ar fhrithdhumpáil agus díobháil an tréimhse ón Luan 1 Iúil 2019 go dtí an Mháirt 30 Meitheamh 2020 ('an tréimhse imscrúdaithe' nó 'IP'). Sa scrúdú ar threochtaí ábhartha do mheasúnú díobhála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdaithe ('an tréimhse a breithníodh').

## 2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

### 2.1. **An táirge lena mbaineann**

(22) Is iad na táirgí lena mbaineann san imscrúdú seo táirgí cruach dosmálta cothromrollta, nach ndearnadh oibriú breise orthu seachas fuar-rolladh (fuarlaghdú), a thagann i láthair na huaire faoi chóid AC 7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20 agus 7220 90 80 agus de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar cóid AC.

### 2.2. **Táirge comhchosúil**

(23) Leis an imscrúdú léiríodh go bhfuil na saintréithe bunúsacha, fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargaí intíre na dtíortha lena mbaineann;

— an táirge arb é tionscal an Aontais a tháirg agus a dhíol é.

(24) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin dá bhrí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

### 2.3. **Maímh maidir leis an raon táirge**

(25) Ag céim an-déanach den chuid shealadach san imscrúdú, tháinig úsáideoir amháin de chuid an Aontais chun tosaigh mar pháirtí leasmhar agus chuir sé aighneacht maidir le raon feidhme an táirge isteach. D'iarr an chuideachta go n-eisiafaí táirgí le grád chruach 200 ('SSCRPanna 200') ó raon feidhme an táirge ós rud é, de réir na cuideachta, nach bhfuil aon táirgeadh nó táirgeadh an-teoranta san Aontas ag na táirgí sin agus go bhfuil úsáid deiridh shonrach agus nideoige ag baint leis na táirgí sin. De réir na cuideachta, ní chuirfeadh eisiamh SSCRP 200, ar bhonn a ngráid cruach agus a n-úsáide deiridh, imchéimniú cineálacha eile táirgí i mbaol.

(26) Chuir an gearánach i gcoinne an mhaímh thuas. D'áitigh Eurofer go dtáirgeann ar a laghad dhá tháirgeoir de chuid an Aontais SSCRPanna 200. Thairis sin, chuir Eurofer in iúl gur féidir gráid chruach eile a chur ina n-ionad go héasca agus iad in iomaíocht dhíreach leis na cineálacha táirgí sin. Ina theannta sin, tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag SSCRPanna 200 chomh maith le bealaí dáileacháin mar atá ag SSCRPanna le gráid chruach eile agus ní féidir iad a shainaithint go héasca gan tástálacha speisialta – rud a fhágann go gceadófaí imchéimniú go héasca, dar leis an ngearánach. I bhfianaise na maíomh a rinne Eurofer, chinn an Coimisiún go sealadach gur féidir na cineálacha táirgí a idirmhalartú.

(27) Á chur san áireamh gur cuireadh an iarraidh ar raon feidhme an táirge isteach go han-mhall, toisc go dtáirgtear SSCRPanna 200 de chuid an Aontais agus go bhfuil SSCRPanna 200 idirmhalartaithe le cineálacha eile táirgí, diúltaítear go sealadach don iarraidh ar eisiamh táirgí.

## 3. **DUMPÁIL**

### 3.1. **Réamhbharúil**

(28) Ós rud é go bhfuil líon na bpáirtithe atá ag comhoibriú san India agus san Indinéis araon teoranta, tá mionsonraí faoi thorthaí áirithe maidir le dumpáil faoi rún agus, dá bhrí sin, is sna nochtuithe déthaobhacha amháin atá siad le fáil.

## 3.2. **An India**

### 3.2.1. *Comhar agus Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm go páirteach*

(29) Ba iad an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibritheacha san India Chromeni Steels Private Limited agus An Jindal Group.

(30) Tháirg Cromeni Steels Private Limited an táirge lena mbaineann san India agus dhíol sé ar an margadh intíre é go príomha le custaiméirí neamhghaolmhara agus le beagán custaiméirí gaolmhara. Rinneadh gach onnmhairiú chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhghaolmhara.

(31) D'ainmnigh An Jindal Group na cuideachtaí seo a leanas go sainráite mar chuideachtaí a raibh baint acu le táirgeadh agus díolacháin an táirge lena mbaineann agus a raibh baint acu leis an imscrúdú agus le RCC:

— Jindal Stainless Limited ('JSL'), táirgeoir onnmhairiúcháin comhtháite a phróiseálann seanchruach dhosmálta isteach sa táirge atá faoi imscrúdú;

— Jindal Stainless Hisar Limited ('JSHL'), táirgeoir onnmhairiúcháin comhtháite a phróiseálann seanchruach dhosmálta isteach sa táirge atá faoi imscrúdú;

— Is páirtí é Jindal Stainless Steelways Limited ('JSS') a dhéanann cornaí teo-rollta a fhuar-rolladh, cornaí arna gceannach ó JSL agus JSHL agus a dhíolann iad ar mhargadh intíre na hIndia;

— Iberjindal S.L. Iberjindal S.L. ('IBJ'), trádálaí gaolmhar atá lonnaithe sa Spáinn, a cheannaíonn an táirge atá faoi imscrúdú ó JSL agus JSHL agus a athdhíolann é le custaiméirí neamhghaolmhara agus custaiméirí gaolmhara san Aontas; agus

— JSL Global Commodities Pte. Ltd. ('JGC'), trádálaí gaolmhar atá lonnaithe i Singeapór, a cheannaíonn an táirge atá faoi imscrúdú ó JSL agus JSHL agus a athdhíolann é le custaiméirí neamhghaolmhara agus custaiméirí gaolmhara san Aontas;

(32) Léiríodh le RCC go raibh baint ag cuideachta ghaolmhar de chuid An Jindal Group i dtríú tír le díol an táirge lena mbaineann leis an Aontas. Mar sin féin, níor tuairiscíodh ról ábhartha an pháirtí sin maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú amhlaidh i gcomhfhreagras An Jindal Group, lena n-áirítear sna freagraí ceistneora. Dá bharr sin, chuir an Coimisiún in iúl do An Jindal Group, trí litir dar dáta an 23 Márta 2021, go raibh sé beartaithe aige forálacha Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus úsáid a bhaint as fíorais a bhí ar fáil maidir leis an bhfaisnéis nár nochtadh a bhaineann le ról na cuideachta gaolmhaire. I ndiaidh na litreach sin, chuir an chuideachta ghaolmhar atá lonnaithe i dtríú tír barúlacha isteach an 29 Márta 2021. Chomh maith lena mbarúlacha, thug An Jindal Group freagra na cuideachta gaolmhaire ar an iarscríbhinn a ghabhann leis an gceistneoir.

(33) Athdhearbhaíodh na barúlacha sin le linn éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta an 16 Aibreán 2021.

(34) Rinneadh measúnú ar thuairimí An Jindal Group mar is iomchuí an 23 Márta ach níor athraigh siad tuiscint an Choimisiúin ar na fíorais. Go háirithe, an freagra ar an iarscríbhinn a ghabhann leis an gceistneoir a tíolacadh mar fhreagra ar an litir ón gCoimisiún dar dáta an 23 Márta 2021, ní rabhthas in ann cros-seiceáil chianda a dhéanamh air agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún iomláine na faisnéise a cuireadh ar fáil thar ceann an pháirtí sin a mheasúnú.

(35) Dá bharr sin, dheimhnigh an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige forálacha Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ag an gcéim seo.

### 3.2.2. *Gnáthluach*

(36) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús lena fháil amach an raibh an méid iomlán díolachán intíre le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibrithigh ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin intíre má bhí méid díolachán intíre iomlán an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairí iomlán maidir leis an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(37) Ar an mbonn sin, ba léir go raibh méid na ndíolachán iomlán a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibrithigh maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(38) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas.

(39) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an raibh na cineálacha táirgí arna ndíol ag gach táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach ar a mhargadh intíre féin i gcomparáid le cineálacha táirgí a dhíoltar lena n-onnmhairiú chuig an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin intíre cineáil táirge ionadaíoch má bhí méid díolachán intíre iomlán an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdaithe comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid díolachán onnmhairí iomlán an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas.

(40) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún cion na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdaithe chun a chinneadh an n-úsáidfí díolacháin intíre iarbhír d'fhonn an gnáthluach a ríomh nó an ndéanfaí neamhshuim de dhíolacháin lasmuigh den ghnáthchúrsa trádála de bharr praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(41) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, is cuma cé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, sna cásanna seo a leanas:

(a) gurb é a bhí i méid díolachán intíre an chineáil táirge, arna dhíol ar ghlanphraghas díolacháin atá comhionann le costas aonaid ríofa an táirgthe, nó níos airde ná sin, méid níos mó ná 80 % de mhéid iomlán díolachán intíre an chineáil táirge sin; agus agus

(b) go bhfuil meánphraghas díolachán ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid na táirgeachta nó níos airde ná sin.

(42) Sa chás sin, is é an gnáthluach meán ualaithe na bpraghsanna ar gach díolachán intíre den chineál táirge sin le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(43) Ar an láimh eile, tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha an chineáil táirge sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdaithe, más rud é:

(a) go bhfuil méid díolachán intíre brabúsach an chineáil táirge sin comhionann le 80 %, nó níos lú, de mhéid díolachán intíre iomlán an chineáil sin táirge; nó nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil sin táirge faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.

(44) I gcás ina raibh níos mó ná 80 % de na díolacháin intíre in aghaidh an chineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdaithe brabúsach, agus i gcás ina raibh an meánphraghas díolachán ualaithe comhionann leis an meánchostas aonaid ualaithe a bhaineann le táirgeadh nó níos airde ná sin, rinneadh an gnáthluach a ríomh mar mheán ualaithe de phraghsanna na ndíolachán intíre iarbhír go léir le linn na tréimhse imscrúdaithe sa chás a thuairiscítear in aithris (42). De rogha air sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach sa chás a thuairiscítear in aithris (43).

(45) Nuair nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha nó nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre é, agus nuair nár díoladh cineál táirge den táirge comhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, nó nuair nár díoladh go leor acu, dá bhforáiltear in Airteagal 2 (2) agus (4) den bhun-Rialachán, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2 (3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(46) Ríomhadh an gnáthluach in aghaidh an chineáil táirge tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgthe ar tháirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a ndearnadh imscrúdú orthu le linn na tréimhse imscrúdaithe:

(a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') ualaithe a thabhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(47) I gcás na gcineálacha táirgí nach ndíoltar i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, cuireadh meánchostais SGA agus meánbhrabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar mhargadh intíre na gcineálacha sin leis. I gcás na gcineálacha táirgí nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, nó i gcás nach raibh aon díolachán le fáil sa ghnáthchúrsa díolacháin, cuireadh meánchostais SGA agus brabús na n-idirbheart go léir a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre leis.

3.2.3. *An praghas onnmhairí*

(48) Rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin onnmhairiú chuig an Aontas go díreach trí chustaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí gaolmhara.

(49) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas agus i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí gaolmhara atá lonnaithe i dtríú tír, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas onnmhairiúcháin a íocadh go hiarbhír nó a bhí iníoctha ar an táirge lena mbaineann nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(50) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí gaolmhara ag gníomhú dóibh mar allmhaireoir, leagadh síos an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh gach costais arna thabhú idir allmhairiúchán agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus brabús réasúnta.

3.2.4. *Comparáid*

(51) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(52) I gcás ina raibh údar maith leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le haghaidh difríochtaí a raibh tionchar acu ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin le haghaidh choimisiún an trádálaí ghaolmhair i dtríú tír (féach aithris (49)). Rinneadh coigeartuithe ar an ngnáthluach agus ar an bpraghas onnmhairiúcháin i gcás costais iompair, árachais, pacála, láimhseála, lódála agus choimhdeacha, costas creidmheasa, muirir bhainc agus costais comhshó nuair is infheidhme agus lascainí, lena n-áirítear lascainí iarchurtha, i gcás ina ndearna siad difear d'inchomparáideacht praghsanna.

(53) Faoi Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán, d'iarr An Jindal Group coigeartú aisíoca dleachtanna ar an ngnáthluach, agus iad ag áitiú más rud é go bhfuil ráta comhréidh 'Scéim Aisíoca Dleachtanna' go mbeadh sé intuigthe go gcuimseodh a gcuid díolachán intíre uile cáin indíreach i gcomparáid leis na díolacháin onnmhairiúcháin. Mar sin féin, theip ar An Jindal Group a shuíomh go raibh na méideanna a maíodh nasctha le hallmhairí amhábhar ionchorpraithe nó leis na dleachtanna a íocadh orthu. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don maíomh.

(54) I bhfianaise na dtorthaí RCC maidir le cuideachta ghaolmhar Jindal atá lonnaithe i dtríú tír, mar a mhínítear in aithrisí (32) go (35) thuas, chuir an Coimisiún fíorais a bí ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán in ionad faisnéis áirithe maidir leis na lamháltais is infheidhme i ndáil le praghsanna díola An Jindal Group leis an Aontas.

3.2.5. *Corrlach dumpála*

(55) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(56) Measadh go raibh leibhéal an chomhair ard sa chás seo toisc go bhféadfaí a shainaithint gurb é an méid a bhí in allmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha 100 % d'iomlán na n-onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Dá bharr sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála iarmhair a shocrú ar leibhéal an táirgeora onnmhairiúcháin is airde corrlach dumpála.

(57) Tá na corrlaigh shealadacha dumpála, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CIF ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha mar a leanas:

| Cuideachta | Corrlach dumpála sealadach |
|---|---|
| An Jindal Group | 13,6 % |
| Chromeni | 36,9 % |
| Gach cuideachta eile | 36,9 % |

### 3.3. **An Indinéis**

#### 3.3.1. *Comhar agus Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm go páirteach*

(58) Mar a luadh san aithris thuas, thug trí tháirgeoir onnmhairiúcháin Indinéiseacha freagra don Choimisiún laistigh den spriocdháta a leagadh síos. Mar sin féin, níor thug táirgeoir onnmhairiúcháin amháin díobh sin, PT Bina Niaga Multiusaha, freagra ar an gcuid is mó de na ceisteanna sa cheistneoir. Go deimhin, bhí an chuid is mó dá phríomhranna folamh (lena n-áirítear liostaí díolacháin T-ar-T, costas tábla táirgeachta, tábla brabúsachta) sa fhreagra ceistneora a fuarthas, agus níor fhreagair an chuideachta ach roinnt de na ceisteanna. Chonacthas go raibh an aighneacht chomh fíoreasnamhach sin nárbh fhiú freagra a thabhairt ar chor ar bith. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl don pháirtí lena mbaineann, i litir dar dáta an 20 Samhain 2020, an chúis a raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis a soláthraíodh, agus an chuideachta a mheas ina cuideachta neamh-chomhoibritheach. Tugadh an deis do PT Bina Niaga Multiusaha tuilleadh barúlacha a chur isteach, ach níor thug sé freagra ar an litir sin faoin spriocdháta a leagadh síos.

(59) Mar thoradh ar an méid thuas, measadh sa deireadh go raibh dá tháirgeoir onnmhairiúcháin Indinéiseacha a bhí fágtha, An IRNC Group agus An Jindal Indonesia Group, agus iad sin amháin, ag comhoibriú leis an imscrúdú. Rinneadh amach san imscrúdú gur chumhdaigh an dá pháirtí sin níos mó ná 90 % de mhéid onnmhairí na hIndinéise den táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(60) D'ainmnigh An IRNC Group na cuideachtaí seo a leanas go sainráite mar chuideachtaí a raibh baint acu le táirgeadh agus díolacháin an táirge lena mbaineann agus a raibh baint acu leis an imscrúdú agus le RCC:

- PT Indonesia Guang Ching Nickel agus Cruach dhosmálta Tionscal ('GCNS'), a tháirgeann agus a sholáthraíonn cornaí teo-rollta (ionchuir, ní an táirge lena mbaineann) do IRNC, chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh;
- PT Indonesia Tsingshan Stainless Steel ('ITSS'), a tháirgeann agus a sholáthraíonn cornaí teo-rollta (ionchuir, ní an táirge lena mbaineann) do IRNC, chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh;
- PT Sulawesi Mining Investment ('SMI'), a tháirgeann agus a sholáthraíonn leac dhosmálta do GCNS chun cornaí teo-rollta a tháirgeadh; agus
- PT Tsingshan Steel Indonesia ('TSI'), a tháirgeann agus a sholáthraíonn fearó-nicil do ITSS agus SMI chun leaca a tháirgeadh.

(61) Le linn RCC, fuair an Coimisiún amach gur theip ar An IRNC Group an Coimisiún a chur ar an eolas faoi rannpháirtíocht chuideachta gaolmhaire, An Tsingshan Holding Group Co., atá lonnaithe sa tSín, sna gníomhaíochtaí a bhaineann leis an táirge atá faoi imscrúdú. Measadh go raibh an fhaisnéis ar theip ar an gcuideachta a chur ar fáil ríthábhachtach chun gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin An IRNC Group a chinneadh.

(62) I gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán agus le litir dar dáta an 23 Márta 2021, cuireadh in iúl don chuideachta na cúiseanna a raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún coigeartuithe áirithe a dhéanamh chun an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a cheartú trí na fíorais a bhí ar fáil a úsáid agus tugadh an deis do An IRNC Group barúlacha a thabhairt.

(63) Thug an chuideachta freagra ar an litir ón gCoimisiún an 29 Márta 2021. Ina freagra, níor chuir an chuideachta i gcoinne an fhíorais gurbh ann do na heasnaimh a liostaíodh sa litir ón gCoimisiún. D'fhreagair an chuideachta, áfach, go gcoimeádfadh sí an ceart chun barúlacha a thabhairt níos déanaí.

(64) D'ainmnigh An Jindal Group na cuideachtaí seo a leanas go sainráite mar chuideachtaí, a chomhoibrigh leis an imscrúdú trí fhreagraí ceistneora a chur ar fáil agus a raibh baint acu le táirgeadh agus díolacháin an táirge lena mbaineann agus a raibh baint acu leis an imscrúdú agus le RCC:

- PT Jindal Indinéis ('PTJ'), a tháirg an táirge lena mbaineann san Indinéis agus a dhíol é ar an margadh intíre le custaiméirí neamhghaolmhara. Rinne PTJ táirgí a onnmhairiú go díreach chuig custaiméirí an Aontais nó trí chuideachtaí gaolmhara;
- Iberjindal S.L. Iberjindal S.L. ('IBJ'), trádálaí gaolmhar atá lonnaithe sa Spáinn, a cheannaíonn an táirge atá faoi imscrúdú ó PTJ agus a athdhíolann é le custaiméirí neamhghaolmhara agus custaiméirí gaolmhara san Aontas; agus

— JSL Global Commodities Pte. Ltd. ('JGC'), trádálaí gaolmhar atá lonnaithe i Singeapór, a cheannaíonn an táirge atá faoi imscrúdú ó PTJ agus a athdhíolann é le custaiméirí neamhghaolmhara agus custaiméirí gaolmhara san Aontas;

3.3.2. *Gnáthluach*

(65) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús lena fháil amach an raibh an méid iomlán díolachán intíre le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibrithigh ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin intíre má bhí méid díolachán intíre iomlán an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairí iomlán maidir leis an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(66) Ar an mbonn sin, ba léir go raibh méid na ndíolachán iomlán a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(67) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas.

(68) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach ar a margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin intíre cineáil táirge ionadaíoch má bhí méid díolachán intíre iomlán an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdaithe comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid díolachán onnmhairí iomlán an chineáil táirge chomhionainn nó inchomparáide leis an Aontas.

(69) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún cion na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdaithe chun a chinneadh an n-úsáidfí an díolachán intíre iarbhír go léir d'fhonn an gnáthluach a ríomh nó an ndéanfaí neamhshuim de dhíolacháin lasmuigh den ghnáthchúrsa trádála de bharr an phraghais, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(70) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, is cuma cé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, sna cásanna seo a leanas:

(a) is é a bhí i méid díolachán intíre an chineáil táirge, arna dhíol ar ghlanphraghas díolacháin atá comhionann le costas aonaid ríofa an táirgthe, nó níos airde ná sin, méid níos mó ná 80 % de mhéid iomlán díolachán intíre an chineáil táirge sin; agus

(b) tá meánphraghas díolachán ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le meánchostas aonaid ualaithe na táirgeachta nó níos airde ná sin.

(71) Sa chás sin, is é an gnáthluach meán ualaithe na bpraghsanna ar gach díolachán intíre den chineál táirge sin le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(72) Ar an láimh eile, tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha an chineáil táirge sin, agus an méid sin amháin, le linn na tréimhse imscrúdaithe, más rud é:

(a) go bhfuil méid díolachán intíre brabúsach an chineáil táirge sin comhionann le 80 %, nó níos lú, de mhéid díolachán intíre iomlán an chineáil sin táirge; nó nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil sin táirge faoi bhun meánchostas aonaid ualaithe na táirgeachta.

(73) I gcás ina raibh níos mó ná 80 % de na díolacháin intíre in aghaidh an chineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdaithe brabúsach, agus i gcás ina raibh an meánphraghas díolachán ualaithe níos airde ná an meánchostas aonaid ualaithe a bhaineann le táirgeadh, rinneadh an gnáthluach a ríomh mar mheán ualaithe de phraghsanna na ndíolachán intíre go léir le linn na tréimhse imscrúdaithe nó sa chás a thuairiscítear in aithris (71) mar mheánchostas ualaithe na ndíolachán brabúsach, agus mar sin amháin, nó sa chás a thuairiscítear in aithris (42).

(74) Nuair nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha nó nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre é, agus nuair nár díoladh cineál táirge den táirge comhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, agus nuair a rinneadh díolacháin táirge cineáil ar phraghsanna faoi bhun costais aonaid táirgeachta móide díol, costais ghinearálta agus riaracháin, nó nuair nár díoladh go leor acu, dá bhforáiltear in Airteagal 2 (2) agus (4) den bhun-Rialachán, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2 (3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(75) Ríomhadh an gnáthluach in aghaidh an chineáil táirge tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgthe ar tháirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha le linn na tréimhse imscrúdaithe:

(a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(76) I gcás na gcineálacha táirgí nach ndíoltar i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, cuireadh meánchostais SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre le haghaidh na gcineálacha sin leis. I gcás na gcineálacha táirgí nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, cuireadh meánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart go léir a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre leis.

3.3.3. *An praghas onnmhairí*

(77) Rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin onnmhairiú chuig an Aontas go díreach trí chustaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí gaolmhara.

(78) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas agus i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí gaolmhara atá lonnaithe i dtríú tír, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas onnmhairiúcháin a íocadh go hiarbhír nó a bhí iníoctha ar an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(79) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí gaolmhara atá ag gníomhú ina n-allmhaireoirí, leagadh síos an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh gach costais arna thabhú idir allmhairiúchán agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus brabús réasúnta.

3.3.4. *Comparáid*

(80) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(81) I gcás ina raibh údar maith leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le haghaidh difríochtaí a raibh tionchar acu ar phraghsanna agus ar inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin le haghaidh choimisiún an trádálaí ghaolmhair i dtríú tír (féach aithris (78)).

(82) Rinneadh coigeartuithe ar an ngnáthluach agus ar an bpraghas onnmhairiúcháin i gcás costais iompair, árachais, láimhseála, lódála agus choimhdeacha, costas creidmheasa, muirir bhainc agus costais chomhshó nuair is infheidhme agus lascainí, lena n-áirítear lascainí iarchurtha, i gcás ina ndearna siad difear d'inchomparáideacht praghsanna.

(83) Ar bhonn thaispeántán RCC, rinneadh amach go ndearna torthaí RCC maidir le cuideachta ghaolmhar Jindal India, lonnaithe i dtríú tír, mar a mhínítear in aithrisí (32) go (35), difear freisin do dhíolacháin áirithe Aontais ó An Jindal Indonesia Group. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán, úsáideadh fíorais a bhí ar fáil chun an fhaisnéis a bhaineann leis an gcuideachta sin a chomhlánú. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir leis an bhfaisnéis atá in easnamh i ndail leis An IRNC Group dá dtagraítear in aithrisí (61) go (63) thuas.

3.3.5. *Corrlach dumpála*

(84) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(85) Measadh go raibh an leibhéal comhair sa chás seo ard toisc gur mó ná 90 % de mhéid iomlán na n-onnmhairí onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha. Dá bharr sin, leag an Coimisiún an corrlach dumpála iarmhair síos ag leibhéal an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibrithigh a bhfuil an corrlach dumpála is airde aige.

(86) Tá na corrlaigh shealadacha dumpála, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CIF ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha mar a leanas:

| Cuideachta | Corrlach dumpála sealadach |
|---|---|
| An Jindal Group | 20,2 % |
| An IRNC group | 19,9 % |
| Gach cuideachta eile | 20,2 % |

## 4. DÍOBHÁIL

### 4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(87) Rinne 13 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is é atá iontu an 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(88) Leagadh síos táirgeacht iomlán an Aontais í ag thart ar 3,1 milliún tona le linn na tréimhse imscrúdaithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr seo ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, eadhon na freagraí ceistneora a cros-seiceáladh go cianda agus a fuarthas ó Eurofer agus ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(89) Mar a shonraítear in aithris (8), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla a raibh thart ar 60 % de tháirgeacht iomlán an Aontais den táirge comhchosúil acu. Is táirgeoirí atá comhtháite go hingearach iad go léir.

### 4.2. Tomhaltas an Aontais

(90) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an mhéid seo a leanas: (a) sonraí cros-seiceáilte Eurofer a bhaineann le tionscal an Aontais a bheith ag díol an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara, cibé díolacháin dhíreacha nó indíreacha, a chros-seiceáiltear go páirteach le táirgeoirí sampláilte an Aontais; agus (b) allmhairí an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas ó gach tríú tír mar a tuairiscítear in Eurostat.

(91) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh mar a leanas:

*Tábla 1*

**Tomhaltas an Aontais (tonaí)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas an Aontais | 3 873 092 | 3 717 114 | 3 442 541 | 3 206 766 |
| *Innéacs* | *100* | *96* | *89* | *83* |

*Foinse:* Eurofer, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus Eurostat

(92) Le linn na tréimhse a breithníodh, tháinig laghdú 17 % ar thomhaltas an Aontais.

### 4.3. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

#### 4.3.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(93) Rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí SSCR de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann nó nár cheart, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(94) Sonraítear leis an bhforáil sin go ndéanfar measúnú carnach ar na hallmhairí ó níos mó ná tír ach amháin más rud é go gcinntear an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil an corrlach dumpála arna suíomh i ndáil leis na hallmhairí ó gach tír níos mó ná *de minimis* mar a shainmhínítear in Airteagal 9(3), agus nach diomaibhseach méid na n-allmhairí ó gach tír; agus

(b) gurb iomchuí measúnú carnach a dhéanamh ar éifeachtaí na n-allmhairí i bhfianaise na ndalaí iomaíochta idir táirgí allmhairithe agus an táirge comhchosúil an Aontais.

(95) Déantar achoimre ar na corrlaigh dumpála arna socrú i ndáil leis na hallmhairí ó gach ceann den dá thír lena mbaineann faoi aithrisí (57) agus (86). Tá siad ar fad os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán.

(96) Níor dhiomaibhseach méid na n-allmhairí ó gach ceann den dá thír lena mbaineann. 3,4 % i gcás na hIndia agus 2,8 % i gcás na hIndinéise ab ea an sciar de mhargadh na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(97) Bhí na dálaí iomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ó gach ceann den dá thír lena mbaineann, agus idir iad sin agus an táirge comhchosúil san Aontas cosúil le chéile. Go deimhin, bhí SSCR de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise in iomaíocht le chéile nuair a allmhairítear lena ndíol ar mhargadh an Aontais iad, agus leis an táirge comhchosúil a tháirgeann tionscal an Aontais, toisc go ndíoltar iad go léir le catagóirí comhchosúla custaiméirí.

(98) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus rinneadh scrúdú carnach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann go carnach chun díobháil a chinneadh.

#### 4.3.2. *Méid agus sciar margaidh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(99) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sciar margaidh allmhairí trí mhéid na n-allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(100) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse lena mbaineann:

*Tábla 2*

**Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| An India | 114 865 | 120 729 | 105 359 | 108 885 |
| *Innéacs* | *100* | *105* | *92* | *95* |
| An sciar den mhargadh | 3,0 % | 3,2 % | 3,1 % | 3,4 % |
| *Innéacs* | *100* | *110* | *103* | *114* |
| An Indinéis | 13 830 | 34 648 | 72 739 | 89 131 |
| *Innéacs* | *100* | *251* | *526* | *644* |
| An sciar den mhargadh | 0,4 % | 0,9 % | 2,1 % | 2,8 % |
| *Innéacs* | *100* | *261* | *592* | *778* |
| Iomlán na dtíortha lena mbaineann | 128 695 | 155 377 | 178 098 | 198 016 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Innéacs* | *100* | *121* | *138* | *154* |
| An sciar den mhargadh | 3,3 % | 4,2 % | 5,2 % | 6,2 % |
| *Innéacs* | *100* | *126* | *156* | *186* |

*Foinse:* Eurostat

(101) Tháinig méadú 54 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a breithníodh, rud a d'fhág go raibh siad in ann a sciar comhpháirteach den mhargadh a mhéadú ó 3,3 % go 6,2 % sa tréimhse imscrúdaithe. Is féidir a dhéanamh amach gur de bharr na n-allmhairí ag teacht ón Indinéis a tháinig an méadú sin ar mhéid na n-allmhairí agus ar an sciar den mhargadh araon - méadaíodh a mhéid allmhairí faoi 6 ½ beagnach sa tréimhse a breithníodh agus tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 0,4 % go 2,8 %. Tháinig méadú ar allmhairí ón India ó 2017 go 2018, ach léiríodh titim ina dhiaidh sin. Mar thoradh air sin, tháinig titim fhoriomlán i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse a breithníodh. An 1 Feabhra 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Rialachán lena bhforchuirtear bearta cosanta cinntitheacha i gcoinne allmhairí táirgí áirithe cruach ([6]). Fuair an India taraifchuóta tír-shonrach le haghaidh an táirge atá faoi imscrúdú, lena ndéantar allmhairí atá faoi réir na dleachta laistigh den chuóta a theorannú go leibhéal níos ísle ná leibhéal 2018. Toisc nach raibh an Indinéis faoi réir taraifchuóta tír-sonrach, ach leis an gcuóta le haghaidh gach tíre eile, ní raibh a allmhairí srianta ina gcinn Indiacha. Mar sin féin, ní raibh an titim ar allmhairí Indiacha chomh dian céanna leis an titim fhoriomlán ar thomhaltas an Aontais agus, dá bhrí sin, tháinig méadú beag ar sciar margaidh na hIndia ó 3 % in 2017 go 3,4 % sa tréimhse imscrúdaithe.

4.3.3. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghsanna*

(102) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse lena mbaineann:

*Tábla 3*

**Praghsanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (EUR/tonaí)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| An India | 2 080 | 2 173 | 2 075 | 2 073 |
| *Innéacs* | *100* | *104* | *100* | *100* |
| An Indinéis | 1 818 | 1 923 | 1 917 | 1 962 |
| *Innéacs* | *100* | *106* | *105* | *108* |
| Meán na dtíortha lena mbaineann | 2 052 | 2 117 | 2 010 | 2 023 |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *98* | *99* |

*Foinse:* Eurostat

(103) I gcás na hIndia, tháinig ardú ar na meánphraghsanna allmhairiúcháin ó 2017 go 2018 faoi 4 %, ach bhí siad fós cobhsaí sa tréimhse fhoriomlán a breithníodh, agus i gcás na hIndinéise tháinig méadú 8 % orthu. Mar sin féin, le linn na tréimhse iomláine a breithníodh, bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin ón dá thír lena mbaineann níos ísle go comhsheasmhach ná praghsanna táirgeoirí an Aontais (féach Tábla 7).

(104) Shocraigh an Coimisiún sladghearradh praghsanna le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid le chéile:

(a) na meánphraghsanna díolachán ualaithe in aghaidh chineál táirge thrí tháirgeoirí sampláilte an Aontais, rud a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha; agus

(b) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha sna tíortha lena mbaineann chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, ar bhonn costais, árachais, last-táille (CAL), le coigeartuithe iomchuí le haghaidh costais iar-allmhairiúcháin.

([6]) IO L 31, 1.2.2019, lch. 27.

(105) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide ina chéatadán de láimhdeachas tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na thréimhse imscrúdaithe. Léiríodh corrlaigh sladghearrtha 4,8 % agus 13,4 % do tháirgeoirí onnmhairiúcháin Indiacha agus 12,0 % agus 12,4 % do tháirgeoirí onnmhairiúcháin Indinéiseacha.

### 4.4. **Staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais**

#### 4.4.1. *Barúlacha Ginearálta*

(106) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal de chuid an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(107) Mar a luaitear in aithris (8), baineadh úsáid as sampláil chun an díobháil a d'fhéadfadh baint do thionscal an Aontais a chinneadh.

(108) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí ón bhfreagra a thug Eurofer ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais, agus rinne siad cros-seiceáil nuair ba ghá leis na freagraí ón gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí i bhfreagraí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir. Rinneadh cros-seiceáil chianda ar an dá thacar sonraí agus fuarthas amach go raibh siad ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(109) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, agus méid an chorrlaigh dumpála.

(110) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, stoic, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí.

#### 4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

##### 4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(111) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 4*

**Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| Táirgeacht iomlán an Aontais (tonaí) | 3 708 262 | 3 640 429 | 3 379 817 | 3 111 804 |
| *Innéacs* | *100* | *98* | *91* | *84* |
| Acmhainneacht táirgeachta (tonaí) | 4 405 623 | 4 517 379 | 4 530 146 | 4 572 365 |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *103* | *104* |
| Úsáid acmhainneachta | 84 % | 81 % | 75 % | 68 % |
| *Innéacs* | *100* | *96* | *89* | *81* |

*Foinse:* Eurofer

(112) Tháinig laghdú mór 16 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh. Tagraíonn na figiúirí acmhainneachta a tuairiscíodh d'acmhainneacht iarbhír, rud a thugann le fios gur cuireadh san áireamh coigeartuithe a mheasann an tionscal a bheith caighdeánach – i leith am cur ar bun, cothabháil, scrogaill táirgeachta agus gnáthstadanna eile. Tar éis bearta frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí SSCR ó Dhaon-Phoblacht na Síne ('PRC') agus ón Téaváin in 2015 ([7]), chuir roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais tús le nuachóiriú ar a n-acmhainneacht táirgeachta. Mar thoradh ar an nuachóiriú sin, tháinig méadú beag 4 % ar an acmhainneacht táirgthe le linn na tréimhse a breithníodh.

(113) De thoradh an táirgeacht a laghdú agus an acmhainneacht a mhéadú beagán, tháinig laghdú 19 % ar an úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse a breithníodh, agus thit sé faoi bhun 70 % sa tréimhse imscrúdaithe.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(114) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 5*

**An méid díolachán agus an sciar den mhargadh**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| Díolacháin thionscal an Aontais (tonaí) | 2 735 448 | 2 711 044 | 2 530 259 | 2 330 537 |
| *Innéacs* | *100* | *99* | *92* | *85* |
| An sciar den mhargadh | 70,6 % | 72,9 % | 73,5 % | 72,7 % |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *104* | *103* |

*Foinse:* Eurofer agus Eurostat

(115) Tháinig laghdú 15 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais le linn na tréimhse lena mbaineann.

(116) D'éirigh le tionscal an Aontais, áfach, a sciar den mhargadh a choinneáil agus a mhéadú beagán faoi 2,1 pointe céatadáin le linn na tréimhse a breithníodh mar go raibh an laghdú tomhaltais níos mó fiú ná an laghdú ar mhéid díolachán thionscal an Aontais, ós rud é gur díolacháin de chuid an Aontais a rinneadh a athsholáthar i bpáirt ó thíortha eile seachas ó na tíortha lena mbaineann.

4.4.2.3. An fás

(117) Léiríonn na figiúirí thuas i leith mhéid na táirgeachta agus na ndíolachán i ndearbhthéarmaí, a léiríonn treocht laghdaitheach shoiléir le linn na tréimhse a breithníodh, nach raibh tionscal an Aontais in ann fás i ndearbhthéarmaí. Ní raibh ach fás fíorbheag in ann teacht ar an tomhaltas mar gur roghnaigh tionscal an Aontais freagairt do bhrú praghsanna na n-allmhairí dumpáilte trína phraghsanna díolachán a ísliú.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(118) Is mar a leanas mar a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 6*

**Fostaíocht agus táirgiúlacht**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| An líon fostaithe | 13 411 | 13 495 | 13 968 | 13 660 |
| *Innéacs* | *100* | *101* | *104* | *102* |

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1429 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 224, 27.8.2015, lch. 10).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Táirgiúlacht (tonaí in aghaidh na foirne) | 277 | 270 | 242 | 228 |
| *Innéacs* | *100* | *98* | *88* | *82* |

*Foinse:* Eurofer

(119) Tháinig méadú 4 % idir 2017 agus 2019 ar leibhéal fostaíochta thionscal an Aontais a bhain le táirgeadh SSCRanna agus léirigh sé laghdú 2 phointe céatadáin idir 2019 agus an tréimhse imscrúduithe, rud a fhágann méadú 2 % le linn na tréimhse a breithníodh. I bhfianaise ghéarlaghdú na táirgeachta, maidir le táirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna tomhas de réir tonaí in aghaidh an fhostaí (i gcoibhéis lánaimseartha) arna dtáirgeadh in aghaidh na bliana, tháinig laghdú suntasach 18 % uirthi le linn na tréimhse a breithníodh.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(120) Tá gach corrlach dumpála cuid mhór níos airde ná an leibhéal *de minimis*. Ní diomaibhseach an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(121) Tá allmhairí SSCRanna faoi réir imscrúdú frithdhumpála cheana féin. Rinne an Coimisiún amach go ndearna allmhairí dumpáilte ón PRC agus ón Téaváin difear suntasach do staid thionscal an Aontais le linn 2013, rud a d'fhág gur forchuireadh bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí ó na tíortha sin i nDeireadh Fómhair 2015 ([8]). Ní dócha, dá bhrí sin, go ndéanfadh na cleachtais dumpála luaite ach difear beag do staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh. Tá athbhreithniú éaga na mbeart frithdhumpála ar allmhairí de thionscnamh PRC agus na Téaváine ar siúl faoi láthair ([9]).

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a dhéanann difear do phraghsanna

(122) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díolachán aonad ualaithe de tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 7*

**Praghsanna díolachán san Aontas**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| An meánphraghas díolachán aonaid (EUR/tona) | 2 252 | 2 312 | 2 206 | 2 175 |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *98* | *97* |
| Costas aonaid na táirgeachta (EUR/tona) | 1 958 | 2 064 | 2 019 | 2 013 |
| *Innéacs* | *100* | *105* | *103* | *103* |

*Foinse*: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1429 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 224, 27.8.2015, lch. 10).

([9]) Fógra Tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO C 280, 25.8.2020, lch. 6).

(123) Tar éis méadú beag 3 % ó 2017 go 2018, tháinig laghdú 6 % ar mheánphraghsanna díolachán aonaid ó 2018 go dtí an tréimhse imscrúdaithe, rud a d'fhág laghdú 3 % le linn na tréimhse a breithníodh. Le linn na tréimhse céanna, léirigh na costais táirgeachta méadú comhuaineach 5 %, agus ina dhiaidh sin shocraigh siad ag leibhéal costais a bhí 3 % níos airde ná mar a bhí ag tús na tréimhse a breithníodh. Ba iad na méaduithe ar praghsanna amhábhair, amhail nicil agus fearócróimiam, is mó a shocraigh an costas. Mar gheall ar an díchur praghsanna ó na hallmhairí dumpáilte, ní raibh tionscal an Aontais in ann an t-ardú costais sin a chur isteach lena phraghsanna díolachán ach ní amháin sin, cuireadh iallach air a phraghsanna díolachán a ísliú.

4.4.3.2. Costais saothair

(124) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair de tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 8*

**Meánchostais lucht saothair in aghaidh an fhostaí**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR) | 72 366 | 70 663 | 71 659 | 70 324 |
| *Innéacs* | *100* | *98* | *99* | *97* |

*Foinse:* Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(125) Thit meánchostais saothair in aghaidh gach fostaí de tháirgeoirí sampláilte an Aontais faoi 3 % le linn na tréimhse a breithníodh: Léiríonn sé sin go raibh táirgeoirí an Aontais in ann costais saothair a laghdú mar fhreagairt ar dhálaí an mhargaidh a bhí ag dul in olcas agus iarracht á déanamh chun teorainn a chur le díobháil an mhargaidh.

4.4.3.3. Fardail

(126) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic de tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 9*

**Fardail**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| Stoic dheiridh (tonaí) | 125 626 | 148 777 | 125 480 | 98 835 |
| *Innéacs* | *100* | *118* | *100* | *79* |
| Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht | 5,54 % | 6,53 % | 6,09 % | 5,13 % |
| *Innéacs* | *100* | *118* | *110* | *93* |

*Foinse:* Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(127) Le linn na tréimhse a breithníodh, tháinig laghdú 21 % ar leibhéal na stoc deiridh. Tar éis an laghdaithe ar an méid táirgeachta, bhí an treocht sin fós ann. Déanann tionscal an Aontais formhór chineálacha an táirge chomhchosúil a tháirgeadh bunaithe ar orduithe sonracha ó na húsáideoirí. Dá bhrí sin, meastar nach tábhachtach an táscaire díobhála iad na stoic le haghaidh an tionscail sin. Ina theannta sin, deimhnítear an méid sin freisin trí anailís a dhéanamh ar fhorás na stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht. Mar is léir thuas, luainigh an táscaire seo idir 5 % agus 7 % de mhéid táirgeachta tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

4.4.3.4. An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú

*Tábla 10*

**An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí**

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) | 7,6 % | 6,0 % | 1,5 % | 0,4 % |
| *Innéacs* | *100* | *79* | *19* | *6* |
| Sreabhadh airgid (EUR) | 387 200 359 | 273 674 277 | 237 840 311 | 184 024 688 |
| *Innéacs* | *100* | *71* | *61* | *48* |
| Infheistíochtaí (EUR) | 111 578 442 | 111 637 871 | 96 541 925 | 96 585 152 |
| *Innéacs* | *100* | *100* | *87* | *87* |
| Toradh ar infheistíochtaí | 20 % | 15 % | 6 % | 4 % |
| *Innéacs* | *100* | *75* | *31* | *20* |

*Foinse:* Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(128) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin dhíolachán an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(129) Thit an bhrabúsacht fhoriomlán ó 7,6 % in 2017 go 0,4 % sa tréimhse imscrúdaithe. Mar a leagtar amach i roinn 4.3.3, tharla an titim sin i gcomhthráth leis an méadú ar mhéideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a sciar den mhargadh ar phraghsanna sladghearrtha.

(130) Is léir gur lean gach táscaire airgeadais eile, i.e. sreabhadh airgid, infheistíochtaí, agus toradh ar shócmhainní, an treocht anuas chéanna.

(131) Is é atá sa sreabhadh glanairgid cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Léiríodh leis an sreabhadh airgid laghdú leanúnach sa tréimhse a breithníodh, rud a d'fhág go raibh an tréimhse imscrúdaithe ag leibhéal 52 % níos ísle ná mar a bhí ag tús na tréimhse imscrúdaithe.

(132) Is é atá sna hinfheistíochtaí an glanluach de réir an leabhair sócmhainní. Tar éis a shocrú ó 2017 go 2018, feictear titim ghéar 13 phointe céatadáin ó 2018 go 2019. Is é atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach de réir an leabhair infheistíochtaí, rud a léiríonn leibhéal dímheasa sócmhainní. Tháinig laghdú leanúnach suntasach faoi 80 % air le linn na tréimhse a breithníodh.

(133) Chuir drochfheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais idir 2017 agus an tréimhse imscrúdaithe teorainn lena chumas caipiteal a thiomsú. Tá tionscal an Aontais dian ar chaipiteal agus tá infheistíochtaí substaintiúla mar shaintréithe aige. Ní leor an toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse a breithníodh chun infheistíochtaí substaintiúla den sórt sin a chumhdach.

4.5. **An chonclúid ar dhíobháil**

(134) Léiríodh san imscrúdú nach bhféadfadh tionscal an Aontais ach freagairt do bhrú praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón India agus ón Indinéis trína phraghsanna díolachán a ísliú d'fhonn a sciar den mhargadh a choimeád (agus iad a mhéadú beagán fiú) sa tréimhse a breithníodh. De thoradh éifeacht na n-allmhairí dumpáilte, díchuireadh praghsanna de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán, ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Tháinig laghdú  % ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh, agus ag an am céanna, faoi dhálaí iomaíochta córa, bheifí ag suil leis go dtiocfadh méadú orthu de réir cóimheas atá inchomparáide leis an ardú ar chostas na táirgeachta, ar tháinig méadú 3 % air. Chuir an staid sin isteach go mór ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, rud a d'fhág go raibh titim 94 % uirthi le linn na tréimhse a breithníodh agus gur tháinig deireadh léi ansin ar leibhéal an-íseal agus neamh-inbhuanaithe le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(135) Tháinig laghdú suntasach ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh agus lean méideanna díolachán agus táirgeachta thionscal an Aontais an treocht sin. Tháinig méadú beag ar an acmhainneacht táirgeachta, mar gheall ar ionchas dearfach do thionscal an Aontais tar éis bearta frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine in 2015.

(136) Mar sin féin, tháinig laghdú mór ar tháirgiúlacht agus ar úsáid acmhainneachta le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh. Ní féidir na figiúirí sin atá titim a mhíniú a mhíniú go hiomlán ach i ngeall ar an méadú beag ar an bhfostaíocht agus ar an acmhainneacht agus ba é an laghdú ar thomhaltas an Aontais agus an méadú comhuaineach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ba chúis leis sin den chuid is mó.

(137) Mar sin féin, is iad táscairí airgeadais tháirgeoirí an Aontais a léiríonn go hiomlán an díobháil. I gcás thionscal an Aontais, tháinig méadú ar a chostais táirgeachta sa tréimhse a breithníodh, in éineacht le laghdú ar phraghsanna díolachán, a d'fhág gur thit an bhrabúsacht ó 7,6 % in 2017 go 0,4 % sa tréimhse imscrúdaithe dá dheasca. Feictear forás diúltach comhchosúil i ndáil leis na táscairí airgeadais eile: infheistíochtaí (-13 %), toradh ar infheistíochtaí (-80 %) agus sreabhadh airgid (-52 %).

(138) Dá réir sin, léiríonn na táscairí díobhála gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdaithe, mar gur laghdaíodh dá dheasca a phraghsanna díolacháin in ainneoin an mhéadaithe ar na costais táirgthe, rud a d'fhág gur chlis ar a bhrabúsacht go hiomlán, rud a rinne difear d'infheistíochtaí, don toradh ar infheistíochtaí agus don sreabhadh airgid ar bhonn diúltach.

(139) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

## 5. CÚISÍOCHT

(140) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach ar bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú freisin lena fháil amach an bhféadfadh sé gur bhain díobháil do thionscal an Aontais de dheasca fachtóirí aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nach mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte a rinneadh aon díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca fachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Seo a leanas na fachtóirí sin: allmhairí ó thríú tíortha, laghdú ar thomhaltas, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, méadú ar chostas na n-amhábhar, agus iompraíocht praghsanna iomaíocha de chuid thionscal an Aontais.

### 5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(141) Tháinig méadú níos mó ná 50 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sa tréimhse a breithníodh agus tháinig méadú beagnach faoi dhó ar a sciar den mhargadh. Rinne an méadú sin ar a sciar den mhargadh dochar d'allmhairí ó thríú tíortha. Mar sin féin, bhí brú praghsanna ar thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ísealphraghais ó na tíortha lena mbaineann. Le linn na tréimhse a breithníodh, bhí praghsanna allmhairí ón India agus ón Indinéis idir 5 % agus 19 % níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais. De dheasca na bpraghsanna allmhairí sin, ní hamháin nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann méaduithe ar chostais amhábhar a léiriú ina bpraghsanna ach bhí orthu a bpraghsanna díolachán a laghdú chun a sciar den mhargadh a choimeád.

(142) Dá thoradh sin, thit brabúsacht tháirgeoirí an Aontais, anuas ó leibhéal measartha ard in 2017 go beagnach nialas sa tréimhse imscrúdaithe, rud a raibh éifeacht dhíobhálach eile aige ar tháscairí airgeadais uile na gcuideachtaí atá i gceist.

(143) Dá bhrí sin, tá nasc láidir cúisíochta idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus ón Indinéis agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

### 5.2. Éifeachtaí fachtóirí eile

#### 5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(144) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid agus ar phraghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 11*

| Tír | | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|---|
| An Téaváin | Méid (tonaí) | 199 553 | 223 110 | 185 618 | 165 540 |
| | *Innéacs* | *100* | *112* | *93* | *83* |
| | An sciar den mhargadh | 5,2 % | 6,0 % | 5,4 % | 5,2 % |
| | *Innéacs* | *100* | *116* | *105* | *100* |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 1 668 | 1 749 | 1 684 | 1 655 |
| | *Innéacs* | *100* | *105* | *101* | *99* |
| Poblacht na Cóiré | Méid (tonaí) | 147 696 | 165 812 | 160 947 | 164 882 |
| | *Innéacs* | *100* | *112* | *109* | *112* |
| | An sciar den mhargadh | 3,8 % | 4,5 % | 4,7 % | 5,1 % |
| | *Innéacs* | *100* | *117* | *123* | *135* |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 1 859 | 1 944 | 1 860 | 1 853 |
| | *Innéacs* | *100* | *105* | *100* | *100* |
| An Afraic Theas | Méid (tonaí) | 98 063 | 88 913 | 94 567 | 81 537 |
| | *Innéacs* | *100* | *91* | *96* | *83* |
| | An sciar den mhargadh | 2,5 % | 2,4 % | 2,7 % | 2,5 % |
| | *Innéacs* | *100* | *94* | *108* | *100* |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 2 004 | 2 013 | 1 831 | 1 785 |
| | *Innéacs* | *100* | *100* | *91* | *89* |
| Tríú Tíortha Eile | Méid (tonaí) | 563 637 | 372 858 | 293 052 | 266 255 |
| | *Innéacs* | *100* | *66* | *52* | *47* |
| | An sciar den mhargadh | 14,6 % | 10,0 % | 8,5 % | 8,3 % |
| | *Innéacs* | *100* | *69* | *58* | *57* |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 2 051 | 2 345 | 2 319 | 2 407 |
| | *Innéacs* | *100* | *114* | *113* | *117* |
| Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann | Méid (tonaí) | 1 008 949 | 850 693 | 734 184 | 678 213 |
| | *Innéacs* | *100* | *84* | *73* | *67* |
| | An sciar den mhargadh | 26,1 % | 22,9 % | 21,3 % | 21,1 % |
| | *Innéacs* | *100* | *88* | *82* | *81* |
| | Meánphraghas (EUR/tona) | 1 942 | 2 076 | 1 995 | 2 014 |
| | *Innéacs* | *100* | *107* | *103* | *104* |

*Foinse:* Eurostat

(145) Le linn na tréimhse a breithníodh, tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó thríú tíortha i méideanna iomlána (méadú 33 %) agus sciar an mhargaidh (ó 26 % in 2017 go 21 % sa tréimhse imscrúdaithe).

(146) A mhéid a bhaineann le tíortha aonair, níor tháinig méadú ach ar allmhairí ón gCóiré le linn na tréimhse a breithníodh, rud a d'fhág gur tháinig méadú beag ar a sciar den mhargadh. Mar sin féin, ba bheag an méadú iomlán sin ar sciar an mhargaidh le linn na tréimhse a breithníodh (ó 4,7 % go 5,1 %). Cé go bhfuil praghsanna allmhairí na Cóiré faoi bhun na bpraghsanna sna tíortha lena mbaineann, is dócha go ndéanfadh praghsanna aistrithe difear dóibh de dheasca an chaidrimh idir an monaróir cruach dosmálta Cóiréach Samsung STS agus an monaróir fuar-rollóirí AE Otelinox sa Rómáin. Ní féidir teacht ar chonclúid ar bith an ndéanann na hallmhairí sin praghsanna thionscal an Aontais a shladghearradh nó nach ndéanann, i bhfianaise mheascán anaithnid táirgí na n-allmhairí sin freisin.

(147) Mar a leagtar amach in aithris (121) thuas, tá na hallmhairí ón Téaváin faoi réir dleacht frith-dhumpála 6,8 % faoi láthair ([10]). Tá athbhreithniú éaga na mbeart frithdhumpála ar allmhairí de thionscnamh PRC agus na Téaváine ar siúl faoi láthair ([11]).

(148) Bhí allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne an-íseal le linn na tréimhse a breithníodh. Léirigh allmhairí ón Téaváin méadú 12 % ó 2017 go 2018, ach tháinig laghdú ó 2018 go dtí an tréimhse imscrúdaithe le 26 %, agus sciar den mhargadh á choinneáil thart ar 5 % le linn na tréimhse a breithníodh. Bhí meánphraghsanna na n-allmhairí ón Téaváin faoi bhun mheánphraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Téaváine san athbhreithniú éaga, ní raibh aon sonraí breise aige maidir le praghsanna allmhairí Téavánacha. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh go ndearna na hallmhairí sin díobháil bhreise do thionscal an Aontais. Mar sin féin, fiú más rud é gur chuir allmhairí ón Téaváin leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais, tháinig laghdú 17 % ar allmhairí ón Téaváin le linn na tréimhse a breithníodh agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh siad a bheith ina gcúis leis na treochtaí diúltacha atá ag dul i méid san anailís ar dhíobháil.

(149) Chinn an Coimisiún go sealadach, dá bhrí sin, nach ndéantar an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na hIndia agus na hIndinéise agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais a mhaolú le hallmhairí ó thíortha eile.

5.2.2. *Laghdú ar thomhaltas*

(150) Tháinig laghdú suntasach ar thomhaltas le linn na tréimhse a breithníodh agus bhí drochéifeacht aige sin ar chuid de na táscairí díobhála, go háirithe ar dhíolacháin agus ar mhéideanna táirgeachta. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (134), bhain díobháil praghsanna seachas díobháil méideanna do tionscal an Aontais. D'ainneoin margadh atá ag laghdú, d'éirigh le táirgeoirí an Aontais a sciar den mhargadh a mhéadú beagán trí iomaíocht ghéar praghsanna le hallmhairí dumpáilte ar phraghsanna éagóracha, rud a d'fhág gur mheathlaigh táscairí brabúsachta agus airgeadais thionscal an Aontais, amhail brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, agus toradh ar infheistíochtaí.

(151) Chinn an Coimisiún go sealadach, dá bhrí sin, nach ndearnadh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú leis an laghdú ar thomhaltas.

5.2.3. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(152) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéideanna agus ar phraghsanna onnmhairí thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

*Tábla 12*

| | 2017 | 2018 | 2019 | IP |
|---|---|---|---|---|
| An méid onnmhairí (tonaí) | 450 587 | 450 687 | 410 840 | 374 378 |
| *Innéacs* | *100* | *100* | *91* | *83* |

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1429 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 224, 27.8.2015, lch. 10). Forchuireadh dleacht frithdhumpála 0 % ar chuideachta amháin, Cia Far Industrial Factory Co, Ltd.

([11]) Fógra Tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO C 280, 25.8.2020, lch. 6).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Meánphraghas (EUR/tona) | 2 369 | 2 524 | 2 428 | 2 394 |
| *Innéacs* | *100* | *107* | *102* | *101* |

*Foinse:* Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(153) Tháinig laghdú 17 % ar dhíolacháin onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh, arbh é ba chúis leis den chuid is mó bearta arna bhforchur ag na Stáit Aontaithe ar an táirge atá faoi imscrúdú agus méadú ar an iomaíocht ar thríú margaí ina bhfuil díolacháin Síneacha agus díolacháin ó na tíortha lena mbaineann. Mar sin féin, bhí na méideanna a onnmhairíodh teoranta i gcomparáid le méid iomlán díolachán an Aontais, arbh é a bhí ann thart ar 13 % de mhéid iomlán a dhíolachán, agus bhí meánphraghas na ndíolachán onnmhairiúcháin i gcónaí níos airde, le linn na tréimhse a breithníodh, ná praghsanna ar mhargadh an Aontais.

(154) Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach go raibh tionchar ag feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ar an díobháil fíorbheag.

5.2.4. *Tionchar phraghsanna amhábhar*

(155) Chuir allmhaireoirí neamhghaolmhara in iúl go bhfuil méadú ag teacht ar chostais amhábhar (nicil, fearócróimiam) mar gheall ar staid dhíobhálach thionscal an Aontais.

(156) Ní cúis díobhála é, *per se*, méadú ar phraghsanna amhábhar toisc go mbíonn méadú ar phraghsanna díola ag gabháil leis ina dhiaidh sin, de ghnáth. Mar sin féin, níl an laghdú ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais agus a dtáscairí airgeadais go léir ach ag léiriú na costais táirgthe amháin atá ag dul i méid. Díchuireadh praghsanna ar mhargadh an Aontais le hallmhairí agus ní hamháin nár lig siad do tháirgeoirí an Aontais praghsanna a mhéadú chun an méadú ar chostais a chumhdach, ach cuireadh iallach orthu a bpraghsanna a ísliú fiú, chun caillteanas gar de sciar an mhargaidh a sheachaint. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú géar ar a bhfigiúirí brabúsachta agus ní rabhthas in ann na costais a chumhdach le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(157) Ar an mbonn sin, cinneadh go sealadach nach ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais de dheasca an mhéadaithe ar phraghsanna amhábhar áirithe.

5.2.5. Iompraíocht praghsanna de chuid tháirgeoirí an Aontais

(158) Mhaígh allmhaireoir neamhghaolmhar amháin gur de dheasca iomaíocht inmheánach agus iompraíocht praghsanna tháirgeoirí an Aontais a bhí a staid airgeadais ag meathlú.

(159) Níor dheimhnigh an t-imscrúdú an maíomh sin, áfach. Díoladh na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann go comhsheasmhach ar phraghsanna a rinne tionscal an Aontais a shladghearradh agus mar sin is an brú praghsanna ó allmhairí dumpáilte an phríomhchúis nach bhfuil táirgeoirí an Aontais in ann a bpraghsanna a ardú agus a gcostais atá ag méadú i rith an ama a chumhdach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(160) Suíodh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus ón Indinéis ar thaobh amháin agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ar an taobh eile. Bhí comhtharlú ama idir an méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus meathlú fheidhmíocht an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh. Ní raibh aon rogha eile ag tionscal an Aontais ach an leibhéal praghsanna arna shocrú ag na hallmhairí dumpáilte a leanúint ionas nach gcaillfear sciar den mhargadh. Ba é an toradh a bhí air sin go ndearna tionscal an Aontais leibhéal neamh-inbhuanaithe brabúis.

(161) Rinne an Coimisiún amach gurb iad seo a leanas na fachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar staid thionscal an Aontais: allmhairí ó thríú tíortha, an laghdú ar thomhaltas, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, tionchar phraghsanna amhábhar, agus iompraíocht praghsanna iomaíocha tháirgeoirí an Aontais.

(162) Dhealaigh agus scar an Coimisiún tionchair na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais ó éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte. Ní raibh teorainn le héifeacht na n-allmhairí ó thríú tíortha, leis an laghdú ar thomhaltas, le feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, le tionchar na bpraghsanna amhábhar, agus le hiompraíocht praghsanna tháirgeoirí an Aontais ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais go háirithe ó thaobh brabúsachta agus táscairí airgeadais de.

(163) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch go sealadach idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Bhí tionchar mór cinntitheach ag na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ar an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Ní dhearnadh an nasc cúisíoch a mhaolú le fachtóirí eile, ina n-aonar nó i dteannta a chéile.

## 6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(164) Chun leibhéal na mbeart a dhéanamh amach, rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

### 6.1. **Corrlach gearrdhíola**

(165) Shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go ndíothófar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh tionscal an Aontais in ann a chostais táirgeachta a chumhdach, lena n-áirítear na costais sin a eascraíonn as comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil, agus as prótacail a ghabhann leo, a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu, agus chomh maith le costais Choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS') a liostaítear in Iarscríbhinn Ia a chumhdach, agus dá mbeadh sé in ann brabús réasúnta a fháil ('spriocbhrabús').

(166) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuíomh, chuir an Coimisiún na fachtóirí a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chlúdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart corrlach brabúis den sórt sin a bheith níos lú ná 6 %.

(167) Mheas an gearánach gur cheart spriocbhrabús réasúnta a bheith cothrom le 8,7 %, mar a úsáideadh in imscrúdú roimhe sin ar allmhairí an táirge chéanna ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin ([12]).

(168) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún measúnú ar mhaíomh arna dhéanamh ag trí tháirgeoir shampláilte an Aontais maidir le hinfheistíochtaí pleanáilte nár cuireadh chun feidhme le linn na tréimhse a breithníodh. Bunaithe ar an bhfianaise dhoiciméadach a fuarthas, a d'fhéadfaí a réiteach le córais chuntasaíochta na gcuideachtaí, ghlac an Coimisiún leis na maímh sin go sealadach agus chuir sé na méideanna comhfhreagracha le brabús tháirgeoirí sin an Aontais. Dá bhrí sin, bhí na corrlaigh spriocbhrabúis deiridh idir 8,82 % agus 9,12 %.

(169) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascraíonn as na Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus na prótacail a ghabhann leo, a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu, agus a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach, a raibh uirlisí tuairisciúcháin agus réamhaisnéisí na gcuideachtaí a thacaigh léi, shuigh an Coimisiún costas idir 14,53 EUR/tona agus 28,90 EUR/tona, i dteannta an chostais iarbhír a bhain leis na coinbhinsiúin sin a chomhlíonadh le linn na tréimhse imscrúdaithe. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach.

(170) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil le haghaidh thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite a chur le costas táirgeachta de tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe, agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1429 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 224, 27.8.2015, lch. 10).

(171) Ansin, shocraigh an Coimisiún an leibhéal maidir le díothú na díobhála ar bhonn comparáid idir meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe de tháirgeoirí sampláilte an Aontais sna tíortha lena mbaineann ar bhonn cineál ar chineál, arna shuíomh le haghaidh na ríomhanna sladghearrtha praghsanna, agus meánphraghas neamhdhíobhálach ualaithe an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ansin sloinneadh aon difríocht a tháinig chun cinn ón gcomparáid sin mar chéatadán de mheánluach ualaithe allmhairí CAL.

(172) I bhfianaise an ardleibhéil comhair san India agus san Indinéis (100 % agus os cionn 90 % faoi seach), suíodh an corrlach gearrdhíola iarmharach le haghaidh na dtíortha lena mbaineann ar leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola aonair is airde le haghaidh tháirgeoir onnmhairiúcháin na hIndia nó na hIndinéise, i.e. 34,6 % agus 32,3 % faoi seach.

(173) Taispeántar toradh na ríomhanna sin sa tábla thíos.

| Tír | Cuideachta | Corrlach dumpála | Corrlach gearrdhíola |
|---|---|---|---|
| An India | Jindal Stainless Limited agus Jindal Stainless Hisar Limited | 13,6 % | 23,2 % |
| | Chromeni Steels Private Limited | 36,9 % | 34,6 % |
| | Gach cuideachta eile | 36,9 % | 34,6 % |
| An Indinéis | IRNC | 19,9 % | 32,3 % |
| | Jindal Stainless Indonesia | 20,2 % | 31,8 % |
| | Gach cuideachta eile | 20,2 % | 32,3 % |

### 6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais**

(174) Mar a míníodh san Fhógra Tionscanta, chuir an gearánach dóthain fianaise ar fáil don Choimisiún go bhfuil saobhadh amhábhair san India agus san Indinéis maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, rinneadh scrúdú ar an saobhadh líomhnaithe san imscrúdú sin chun a mheas, más ábhartha, an mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil.

(175) Deimhníodh saobhadh amhábhair san India agus san Indinéis araon leis an bhfaisnéis a tugadh trí RCCanna agus lena linn sa cheistneoir le haghaidh Rialtas na hIndia agus Rialtas na hIndinéise faoi seach.

(176) Ós rud é go raibh an corrlach gearrdhíola a ríomhadh do tháirgeoir onnmhairiúcháin Indiach Chromeni níos ísle ná an corrlach dumpála, mheas an Coimisiún an raibh saobhadh amhábhar ann maidir leis an táirge lena mbaineann de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Suíodh san imscrúdú nár bhain Chromeni úsáid as an amhábhar atá faoi réir an tsaofa. Dá bhrí sin, ní raibh gá le hanailís bhreise maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) agus Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bunófar leibhéal na dleachta le haghaidh Chromeni ar bhonn Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

(177) Maidir leis an India freisin, i gcás An Jindal Group, tá an corrlach atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná an corrlach dumpála agus dá bhrí sin ní thugtar aghaidh a thuilleadh ar an scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 7(2a).

(178) Maidir leis an Indinéis, ós rud é go bhfuil na corrlaigh atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná na corrlaigh dumpála, mheas an Coimisiún, ag an gcéim seo, nach raibh gá le haghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

### 6.3. **Conclúid**

(179) Tar éis an mheasúnaithe thuas, chinn an Coimisiún gurb iomchuí méid na ndleachtanna sealadacha a dhéanamh amach i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Dá bharr sin, ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú mar atá thíos:

| Tír | Cuideachta | Dleacht frithdhumpála shealadach |
|---|---|---|
| An India | Jindal Stainless Limited agus Jindal Stainless Hisar Limited | 13,6 % |
| | Chromeni Steels Private Limited | 34,6 % |
| | Gach cuideachta eile | 34,6 % |
| An Indinéis | IRNC | 19,9 % |
| | Jindal Stainless Indonesia | 20,2 % |
| | Gach cuideachta eile | 20,2 % |

## 7. **LEAS AN AONTAIS**

(180) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach arbh fhéidir leis teacht ar an gconclúid shoiléir nár le leas an Aontais a bhí sé bearta a ghlacadh sa chás seo, cé go ndearnadh amach go raibh dumpáil dhíobhálach á déanamh. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

### 7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(181) Is é atá i dtionscal an Aontais 13 tháirgeoir atá lonnaithe i roinnt Ballstát agus fostaíonn an tionscal go díreach 13 660 fostaí i ndáil leis an táirge atá faoi imscrúdú. Níor chuir táirgeoirí Aontais ar bith i gcoinne thionscnamh an imscrúdaithe. Mar a léirítear i roinn 4 thuas nuair a bhí anailís á déanamh ar na táscairí díobhála, tháinig meath ar a staid i dtionscal iomlán an Aontais agus bhí tionchar diúltach ag na hallmhairí dumpáilte air.

(182) Meastar go n-athbhunófar dálaí córa trádála ar mhargadh an Aontais de bharr dleachtanna frithdhumpála sealadacha a fhorchur, go gcuirfear deireadh le díchur na bpraghsanna agus go gcuirfear ar chumas do thionscal an Aontais a gcostais táirgeachta atá ag méadú a chumhdach agus a staid airgeadais a fheabhsú d'ainneoin caillteanas díolachán mar gheall ar mhargadh atá á laghdú. Dá thoradh sin, chuirfí feabhas ar bhrabúsacht thionscal an Aontais i leith leibhéil a mheastar a bheith riachtanach don tionscal dianchaipitil seo. Bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí ar phraghsanna dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Meabhraítear gur léirigh roinnt príomhtháscairí díobhála treocht dhiúltach le linn na tréimhse a breithníodh. Go háirithe, rinneadh difear an-mhór do tháscairí a bhaineann le feidhmíocht airgeadais tháirgeoirí an Aontais. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, praghsanna a thabhairt ar ais go leibhéal praghsanna neamhdhumpáilte nó ar a laghad go leibhéal praghsanna neamhdhíobhálacha ionas go mbeidh na táirgeoirí go léir in ann oibriú ar mhargadh an Aontais faoi dhálaí córa trádála.

(183) Thángthas ar an gconclúid shealadach, dá bhrí sin, gur chun leas thionscal an Aontais a bheadh sé dleachtanna frithdhumpála a fhorchur ós rud é go mbeadh sé in ann aisghabháil a dhéanamh ar éifeachtaí na dumpála díobhálaí a aimsítear.

### 7.2. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara**

(184) Tháinig trí pháirtí chun tosaigh mar allmhaireoirí neamhghaolmhara. Níor thug ach an dá tháirgeoir díobh sin freagra ar an gceistneoir ábhartha, áfach, agus bhí siad ag comhoibriú a thuilleadh sa nós imeachta.

(185) Ina dhiaidh sin, mhaígh an gearánach nár cheart páirtí amháin den dá pháirtí thuasluaite a mheas ina allmhaireoir neamhghaolmhar toisc go n-oibríonn sé mar ghníomhaire thar ceann roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge atá faoi imscrúdú.

(186) Maidir leis sin, shuigh an Coimisiún gur oibrigh an chuideachta faoi thrácht i bpáirt go deimhin i gcáil gníomhaire thar ceann An Jindal Group. Mar sin féin, bhí baint aici le gnáthcheannaigh allmhairí an táirge a bhí faoi imscrúdú, rud a d'athdhíol sí leis na custaiméirí san Aontas ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh go sealadach do mhaíomh Eurofer.

(187) Léirigh an dá allmhaireoir chomhoibritheacha na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh bearta frithdhumpála i bhfeidhm, amhail easpa soláthair, seirbhís níos measa, praghsanna a bheadh ag méadú, agus cáilíocht ábhair níos measa a d'eascródh, dar leo, as iomaíocht theoranta ar mhargadh an Aontais.

(188) Ina theannta sin, mhaígh allmhaireoir amháin díobh sin go bhfuil caighdeán an-ard ag táirgí Jindal nach féidir táirgeoirí de chuid an Aontais a athsholáthar ná a mheaitseáil.

(189) D'ainneoin na mbeart frithdhumpála a d'fhéadfadh a bheith ann, chinn an Coimisiún go sealadach go leanfadh leibhéal folláine iomaíochta de bheith san Aontas ós rud é go bhfuil 13 tháirgeoir de chuid an Aontais a tháirgeann an táirge atá faoi imscrúdú, agus cuid acu nach bhfuil ag glacadh páirt sa ghearán. Ina theannta sin, is é fós atá in allmhairí ó thríú tíortha níos mó ná 20 % den mhargadh. Dá bhrí sin, na tionchair dhiúltacha arna sonrú ag na hallmhaireoirí, ní dócha go dtiocfaidh na tionchair sin a d'fhéadfadh a bheith ann chun cinn.

(190) Ní hé is aidhm do bhearta frithdhumpála margadh an Aontais a dhúnadh do na tíortha lena mbaineann, ach is é is aidhm dóibh na praghsanna a ardú go leibhéal cóir. Dá bhrí sin, meastar go mbeidh rochtain ar tháirgí a líomhnaítear atá ar ardcháilíocht fós i bhfeidhm.

(191) De thoradh beart, bheadh allmhaireoirí in ann praghsanna a thabhairt ar aghaidh freisin dá gcustaiméirí agus dá bhrí sin ní mheastar go ndéanfar dochar do bhrabúsacht allmhaireoirí. Meastar nach laghdófar an raon táirgí agus an cháilíocht seirbhíse – a mhalairt ar fad, más rud é go mbeidh cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ann, beidh tionscal an Aontais in ann infheistíochtaí nua a dhéanamh agus a cháilíocht a fheabhsú.

(192) Mhaígh na hallmhaireoirí freisin go ndéanfadh bearta frithdhumpála róchosaint ar táirgeoirí an Aontais toisc go bhfuil an táirge atá faoi imscrúdú faoi réir bearta coimirce cheana féin.

(193) Mar sin féin, is bearta sealadacha iad na bearta coimirce maidir le cruach ([13]) agus cuireann siad cineál éagsúil cosanta ar fáil seachas bearta frithdhumpála, arb é is aidhm dóibh sin praghsáil éagórach. Deimhníodh sna torthaí sealadacha ón gCoimisiún nach é an méadú ollmhór ar mhéideanna allmhairí ach a bpraghsanna sladghearrtha, as a dtagann díchur praghsanna ar mhargadh an Aontais, ba phríomhchúis leis an díobháil do thionscal an Aontais.

(194) An t-aon úsáideoir a tháinig chun tosaigh sa nós imeachta, níor thug sé aon bharúil ar leas an Aontais. Ní raibh ag an gcuideachta ach maímh maidir le scóip táirge na mbeart mar a thuairiscítear i roinn 2 thuas.

(195) Ag an gcéim shealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nach mó na héifeachtaí a bheadh ag dleachtanna a d'fhéadfaí a fhorchur ar allmhaireoirí nó úsáideoirí ná éifeachtaí dearfacha na mbeart ar thionscal an Aontais.

### 7.3. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(196) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nárbh ann d'aon chúis láidir chun teacht ar an gconclúid nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann ag an gcéim seo den imscrúdú.

## 8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(197) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta, nach ndearnadh oibriú breise orthu seachas fuar-rolladh (fuarlaghdú) de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, chun nach ndéanfaidh na hallmhairí dumpáilte tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais.

(198) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh díobhála agus na corrlaigh dumpála (aithris (173) thuas) i gcomparáid le chéile. Socraíodh méid na ndleachtanna ar an leibhéal níos ísle de na corrlaigh dumpála agus díobhála.

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún 2019/159 an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha ar allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

(199) Ar bhonn an mhéid thuas, ba cheart na rátaí sealadacha maidir le dleacht frithdhumpála, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

| Tír | Cuideachta | Dleacht frithdhumpála shealadach |
|---|---|---|
| An India | Jindal Stainless Limited agus Jindal Stainless Hisar Limited | 13,6 % |
| | Chromeni Steels Private Limited | 34,6 % |
| | Gach cuideachta eile | 34,6 % |
| An Indinéis | IRNC | 19,9 % |
| | Jindal Stainless Indonesia | 20,2 % |
| | Gach cuideachta eile | 20,2 % |

(200) Bunaíodh na rátaí aonair dleachta frithdhumpála do chuideachtaí a sonraíodh sa Rialachán seo ar bhonn thorthaí sealadacha an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, ba léiriú iad ar an staid mar a bhí le linn an imscrúdaithe maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Ba cheart allmhairí an táirge lena mbaineann arna tháirgeadh ag aon chuideachta eile a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile', cuideachta nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair dleachta frithdhumpála.

(201) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin dleachta frithdhumpála i bhfeidhm más rud é go n-athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([14]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh chun a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(202) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith ag dleacht frithdhumpála gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibritheacha san imscrúdú sin, ach, chomh maith leis sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(203) Chun na rioscaí imchéimnithe a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(204) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hí an t-aon eilimint í a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má chuirtear sonrasc a chomhlíonann na ceanglais go léir a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo faoina mbráid, ba cheart d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus d'fhéadfadh sé, amhail i ngach cás eile, go n-d'éileoidís doiciméid bhreise (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí sa dearbhú a dheimhniú agus chun a áirithiú go bhfuil údar maith leis an ráta dleachta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin, i gcomhréir le dlí custaim.

(205) Dá dtarlódh sé go dtiocfadh méadú suntasach ar mhéid na n-allmhairí de chuid ceann de na cuideachtaí a bhaineann tairbhe as rátaí aonair dleachta níos ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí méadú den sórt sin ar mhéid a mheas ann féin mar athrú i bpatrún na trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh sé imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go bhfuil na dálaí sin chun déanamh amhlaidh á gcomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí scrúdú san imscrúdú seo, *inter alia*, ar an ngá atá le ráta(í) dleachta aonair a bhaint agus dleacht a fhorchur ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

([14]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, An Bheilg.

## 9. **CLÁRÚCHÁN**

(206) Mar a luaitear in aithris (3), rinne an Coimisiún allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise faoi réir clárú. Rinneadh an clárú d'fhonn dleachtanna a bhailiú, b'fhéidir, go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(207) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart deireadh a chur le clárú na n-allmhairí.

(208) Ní dhearnadh aon chinneadh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le bearta frithdhumpála ag an gcéim seo den nós imeachta. Déanfar cinneadh den sórt sin ag an gcéim chinntitheach.

## 10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(209) I gcomhréir le Airteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe dleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh trí lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(210) Thug Rialtas na hIndia, táirgeoir onnmhairiúcháin amháin san India agus dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin san Indinéis a mbarúlacha. Chuir an Coimisiún san áireamh barúlacha a measadh a bheith de chineál cléireachais agus, más gá, na corrlaigh a cheartú dá réir.

## 11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(211) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(212) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothromrollta, nach ndearnadh oibriú breise orthu seachas fuar-rolladh (fuarlaghdú), a thagann i láthair na huaire faoi chóid AC 7219 31 00, 7219 32 10, 7219 32 90, 7219 33 10, 7219 33 90, 7219 34 10, 7219 34 90, 7219 35 10, 7219 35 90, 7219 90 20, 7219 90 80, 7220 20 21, 7220 20 29, 7220 20 41, 7220 20 49, 7220 20 81, 7220 20 89, 7220 90 20 agus 7220 90 80 agus de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí dleachta frithdhumpála sealadaí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais roimh dhleacht, don táirge a thuairiscítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear 1 thíos:

| Tír | Cuideachta | Dleacht frithdhumpála shealadach | Cód breise TARIC |
|---|---|---|---|
| An India | Jindal Stainless Limited | 13,6 % | C654 |
| | Jindal Stainless Hisar Limited | 13,6 % | C655 |
| | Chromeni Steels Private Limited | 34,6 % | C656 |
| | Gach cuideachta Indiach eile | 34,6 % | C999 |
| An Indinéis | IRNC | 19,9 % | C657 |
| | Jindal Stainless Indonesia | 20,2 % | C658 |
| | Gach cuideachta Indinéiseach eile | 20,2 % | C999 |

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis a bheidh ag eisiúint sonrasc den sórt sin, arna shainaithint lena ainm/hainm agus lena fheidhm/feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) sa (an tír lena mbaineann) (méid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.'* Mura dtíolactar sonrasc den sórt sin, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Beidh scaoileadh an táirge, dá dtagraítear i mír 1, i saorchúrsaíocht san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta atá coibhéiseach le méid na dleachta sealadaí a sholáthar.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

*Airteagal 2*

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha i scríbhinn faoin Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Scrúdóidh an tOifigeach Éisteachta iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

*Airteagal 3*

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú allmhairí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/370 ón gCoimisiún an 1 Márta 2021.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí an tráth a thiocfaidh bearta cinntitheacha féideartha i bhfeidhm, nó go bhfoirceannfar an t-imeacht seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN